**Ábhar:**

**RIALÚCHÁIN (TUAISCEART ÉIREANN) SCOILEANNA GRAMADAÍ (MUIRIR) (LEASÚ) 2008 – RIAIL REACHTÚIL 2008 Uimh. 376**

**Uimhir imlitreach:**
2008/19

**Dáta eisithe:**
10 Deireadh Fómhair 2008

**Spriocléitheoirí:**

- Príomhoidí, Sparánaithe agus Boird Gobharnóirí i ngach scoil ghramadaí dheonach;
- Cumann na gCeann-Eagraíochtaí
- Cumann Sparánaithe Scoileanna Gramadaí Deonacha TÉ;
- An Chomhairle Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil; agus
- Boird Oideachais agus Leabharlainne.

**Feasacht Gobharnóirí:**
Riachtanach

**Achoimre clár ábhair:**

Is é feidhm na himlitreach seo aird a dhíriú ar Rialúcháin (Tuaisceart Éireann) Scoileanna Gramadaí (Muirir)(Leasú) 2008, a mhéadaíonn uasmhéid na táille caipitil a thig le Bord Gobharnóirí roinnt scoileanna gramadaí deonacha a ghearradh ó £130 go £140 le héifeacht ó 1 Samhain 2008. Tá treoir ann fosta ar na cúinsí inar chóir do scoileanna gramadaí deonacha smaoineamh ar mhuirir den sórt seo a tharscaoileadh.

**Stádas Ábhair:**
Comhairle
Treoir do Scoileanna

**Doiciméid lena mBaineann:**
Ní Bhaineann

**Doiciméid curtha in ionad:**
2007/2

**Dáta Éaga:**
Ní Bhaineann

**Fiosruithe:**

Ba chóir fiosruithe faoin imlitir seo a chur chuig:

Chris McRoberts
Brainse Airgeadas Scoile
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
43 Bóthar Bhaile Aodha

**Suíomh Idirlín RO:**
http://www.deni.gov.uk

Teil: 028 9127 9435
Facs: 028 9127 9658

BEANNCHAR
BT19 7PR

**RIALÚCHÁIN(TUAISCEART ÉIREANN) SCOILEANNA GRAMADAÍ (MUIRIR) (LEASÚ) 2008 – RIAIL REACHTÚIL 2008 UIMH. 376**

1. Is mian leis an Roinn aird a dhíriú ar Rialúcháín (Tuaisceart Éireann) Scoileanna Gramadaí (Muirir) (Leasú) 2008, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2008.

2. Leasaíonn na rialúcháin seo Rialúcháin (Tuaisceart Éireann) Scoileanna Gramadaí (Muirir) 1992 agus cúlghaireann siad Rialúcháín (Tuaisceart Éireann) Scoileanna Gramadaí (Muirir) (Leasú) 2006. Cuireann na rialúcháin leasaithe ar fáil, méadú go dtí an t-uasmhéid a d'fhéadfadh Bord Gobharnóirí scoile gramadaí Ghrúpa A a ghearradh mar tháille ar dhalta ar bith atá cláraithe i roinn meánscolaíochta na scoile d'fhonn íoc as caiteachas le haghaidh soláthar nó athrú áitreabh na scoile nó as soláthar trealaimh a bhaineann leis. Faoi réir na rialúchán, ardaítear an t-uasmhéid ó £130 go £140.

3. Ní rachaidh an t-athrú a shonraítear thuas i bhfeidhm ar scoileanna gramadaí deonacha Ghrúpa A a bhfuil sé aontaithe idir iad agus an Roinn faoi réir Ord 1993 Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) maoiniú 100% a fháil ar thionscadail chaipitil. **Shocraigh an Roinn an muirear caipitil reatha a ghearrtar ar scoileanna den saghas agus níor athraíodh é ó shin.**

4. Ní mór do gach scoil ghramadaí dheonach sonraí a thabhairt ina bPolasaí Muirear agus Loghtha maidir leis na cúinsí ina bhféadfaí táille caipitil iomlán nó cuid di a tharscaoileadh. Molann an Roinn, nuair a bhítear ag sonrú na gcúinsí ina bhféadfaí táille caipitil iomlán nó cuid di a tharscaoileadh, gur chóir go n-áireofaí na critéir seo a leanas:

   - Nuair a bhíonn an dalta nó an tuismitheoir ag fáil Liúntas Tacaíochta Ioncaim nó Liúntas Cuardaitheoir Poist bunaithe ar Ioncam; nó,

   - Nuair atá na tuismitheoirí ag fáil Creidmheas Cánach Leanaí; agus nuair atá siad neamh-incháilithe do Chreidmheas Cánach Oibre óir go n-oibríonn siad

níos lú ná 16 uair sa tseachtain; agus tá ioncam bliantúil inchánach acu ar suim é mó nach mó ná méid a shocraíonn an Roinn, suim ar £15,575 í sa bhliain 2008/09. Cuirfidh an Roinn in iúl do gach scoil gach bliain cén méid a shocraítear; nó,

- Nuair is leanbh iarrthóir tearmainn a fhaigheann tacaíocht Seirbhís Tacaíochta Tearmainn na hOifige Gnóthaí Baile (NASS) an dalta.

5. Is féidir cóipeanna de na rialúcháin nua a fháil ó Shiopa Leabhair na Stáiseanóireachta, 16 Sráid Airt, Béal Feirste, BT1 4GD (praghas, £4.00 móide postas).

**RÓISÍN LILLEY (MS)**
**BRAINSE AIRGEADAS SCOILE**